




VACSÁIN  
COVID-19  
Comhairle  
Sláinte Poiblí

# Carn Domhnach Ionad Vacsaínithe FnaSS Eolas don Phobal

An t-eolas is déanaí 23/07/2021



Pobalscoil Charn Domhnaigh  
Bóthar an Teampaill, Gort Gléibe  
Carn Domhnach  
Ionad Vacsaínithe

# EOLAS FAOIN LÁRIONAD



Tá an lárionad vacsaínithe FSS do Charn Domhnach lonnaithe i bPobalscoil Charn Domhnaigh. Is fo-ionad atá i gceist anseo, a bheidh ar oscailt ar feadh lá nó dhó in aghaidh na seachtaine, ag brath ar éileamh agus ar sholáthar vacsaíní.


Cabhróidh an fhaisnéis seo leat ullmhú do do choinne vacsaínithe. Le h-aghaidh tuilleadh tá eolas faoi vacsaíní le fáil ag [www.hse.ie](http://www.hse.ie)

**Láthair:** Pobalscoil Charn Domhnaigh, Bóthar an Teampaill, Cort Gléibe, Carn Domhnach, Contae Dhún na nGall

Nasc chuig an léarscáil <https://goo.gl/maps/oSZN4WUgtqGt2jvt9>



## ROIMH DO CHOINNE



- Gheobhaidh tú cuireadh chun do choinne trí theachtaireacht téacs (SMS)
- Beidh am, dáta agus láthair do choinne sa téacs
- Tabhair leat d'uimhir PSP agus d'aitheantas grianghraif (m.sh. pas, ceadúnas tiomána/Cárta Seirbhísí Poiblí). Ní bhfaighidh tú vacsaín gan chárta aitheantais
- Ba chóir duit éadach scaoilte nó léine le muinchillí gearra a chaitheamh toisc go dtabharfar an vacsaín duit in uachtar do láimh
- Ná tar níos luaithe ná 10 nóiméad roimh do choinne agus fan i do charr go dtí 5 nóiméad roimh do choinne, ar mhaithe le bainistiú tráchta
- Caith éadaí atá feiliúnach don aimsir mar go bhféadfá a bheith i scuaine lasmuigh

## NUAIR A THAGANN TÚ ISTEACH



- Caith clúdach aghaidhe nuair a thagann tú isteach agus le linn do choinne
- Tar isteach chuig an ionad ón bpríomhbhealach isteach ar Bhóthar an Teampaill
- Más ag tiomáint atá tú, treorófar thú chuig carrchlós
- Ar an mbealach isteach chuig an gcarrchlós, iarrfar d'ainm ort lena chinntiú go bhfuil coinne vacsaínithe agat
- Tá spásanna páirceála do dhaoine faoi mhíchumas ar fáil do shealbhóirí ceadúnais
- Páirceáil do charr agus déan do bhealach go dtí an tslí isteach – comharthaí buí
- Má tá comradaí leat, ba cheart dóibh fanacht sa charr ach amháin i gcásanna eisceachtúla nuair is gá dóibh freastal ort

## LAISTIGH DEN IONAD



- Má tá suaine ann, fan amach 2 mhéadar ó dhaoine eile
- Glan do lámha le díghlárán agus tú ag dul isteach sa bhfoirgneamh
- Agus tú ag dul isteach san fhoirgneamh, treofar thú chuig deasc fáiltithe
- Dearbhóidh an fhoireann do choinne, d'ainm, dáta breithe agus d'uimhir PSP
- Treorófar thú ansin chuig both chun do vacsaín a fháil
- Beidh vacsaíneoir ag fanacht leat taobh istigh den bhoth
- Cuirfidh an vacsaíneoir roinnt ceisteanna ort chun a dheimhniú go bhfuil tú i dteideal an vacsaín a fháil agus tabharfaidh sé/sí an vacsaín duit in uachtar do láimh
- Tabharfar cárta vacsaínithe duit agus iarrfar ort suí in ionad breathnóireachta ar feadh 15 nóiméad
- Ba chóir duit an cárta vacsaínithe a choinneáil slán mar go mbeidh sé de dhíth ort don dara coinne
- Tar éis 15 nóiméad is féidir leat an t-ionad breathnóireachta a fhágáil tríd an doras éalaithe ar thaobh an tseomra. Glan do lámha le díghlárán sula bhfágann tú
- Lean treoracha na foirne slándála chun an suíomh a fhágáil